Comhairle Contae Chiarraí

Kerry County Council

Scéim Teanga IV, 2020-2023

Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Caibidil 1 Réamhrá

1.1 Comhthéacs Dlí

1.2 Ábhar na Scéime Teanga

1.3 Dáta Tosaithe

1.4 Forléargas

Caibidil 2 Gealltanais Leanúnacha 2005-2020

2.1 Cuntair Phoiblí Dhátheangacha Liostaithe

2.2 Foilseacháin Dhátheangacha Liostaithe

2.3 Gealltanais Reatha

Caibidil 3 Scéim Teanga 2020-2023

3.1 Gealltanais Nua

3.2 Earcaíocht & Socrúchán

3.3 Oiliúint & Forbairt

Caibidil 4 Monatóireacht agus Tuairisciú

4.1 Monatóireacht

4.2 Tuairisciú

4.3 Poibliú & Scaipeadh

Aguisín

A1 Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000

A2 An tAcht Rialtais Áitiúil 2001

A3 Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

A4 Orduithe Logainmneacha (Gaeltacht) 2004 & 2011

A5 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030

A6 Acht na Gaeltachta 2012

Réamhrá

Fáiltímid roimh fhoilsiú na Scéime Teanga seo, 2020-2023. Aithníonn Comhairle Contae Chiarraí gur den ríthábhacht an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn, go háirithe i gcontae ina bhfuil dhá cheann de cheantair Ghaeltachta an Stáit. Leagann an Chomhairle an-bhéim ar an luach a bhaineann leis na ceantair Ghaeltachta sin a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dá bhforbairt leanúnach, trí mheán réimse leathan tacaíochtaí agus tionscnamh agus, go háirithe, trí thacaíocht a thabhairt don Ghaeilge.

Ach i gcomhthéacs fhorbairt na Gaeilge amach anseo, ní leor díreach díriú ar na ceantair Ghaeltachta i gCiarraí. Caithfear aitheantas a thabhairt do shaibhreas oidhreacht chultúrtha agus stair ár dteanga dhúchais agus don ról is féidir a bheith ag an údarás áitiúil ag tacú, ar bhealaí éagsúla, le cothú agus forbairt na teanga amach anseo.

Is ar an gcúis sin a bhfuil réimse cuspóirí praiticiúla agus uaillmhianacha sa Scéim seo, cuspóirí a bhfuil pleananna den chineál céanna roimhe seo mar bhonn taca leo agus tacaíocht ann dóibh chomh maith ó bhainistíocht agus foireann Chomhairle Contae Chiarraí. D'éirigh linn an-chuid a bhaint amach faoinár Scéimeanna Gaeilge roimhe seo, agus iad ag feidhmiú in éineacht le beartas agus tionscaimh rialtais.

Táimid ag súil le tuilleadh dul chun cinn i dtaca leis an nGaeilge a fhorbairt agus a chothú i gCiarraí amach anseo, trí mheán ár bpolasaithe agus cuspóirí féin agus trí thacaíocht a thabhairt do pholasaithe agus cuspóirí comhlachtaí agus pobal eile.

Príomhfheidhmeannach

_____

Moira Murrell

Cathaoirleach Chomhairle Contae Chiarraí

_____

Clr. Niall Ó Céileachair

1.1 Comhthéacs Dlí

'Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.'
Alt 8, Bunreacht na hÉireann.

Réitíodh Scéim Teanga IV, 2020-2023 ag Comhairle Contae Chiarraí faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus leagtar amach sa Scéim ár bpolasaí reatha i leith na Gaeilge, ag cur san áireamh gealltanais a bhaineann le Scéimeanna Teanga roimhe seo. Tagann an Scéim faoi chúram na bainistíochta sinsearaí. Tá freagracht ar Cheannasaithe Rannóige as an Scéim a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh uirthi ina réimsí féin, agus iad ag tuairisciú go rialta lena Stiúrthóir Seirbhísí i dtaobh na Scéime.

Is é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ná an Ghaeilge a phríomhshruthú agus a normalú i bplé laethúil an phobail leis an Stát. Dá réir sin, tá freagracht ar gach rannóg de Chomhairle Contae Chiarraí maidir le cur i bhfeidhm ár Scéimeanna Gaeilge, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus aon reachtaíocht eile a mbeadh tionchar aici ar phobail na Gaeilge agus na Gaeltachta.

1.2 Ábhar na Scéime Teanga

Lorgaíodh aighneachtaí ón bpobal in Eanáir 2018 agus fuarthas aighneachtaí ó na páirtithe seo a leanas:

- Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh
- Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne & Oidhreacht Chorca Dhuibhne
- Údarás na Gaeltachta
- Fóram Gaeilge Chiarraí agus
- Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge.

Pléadh na haighneachtaí seo le linn dréachtú na Scéime seo, agus cuireadh san áireamh chomh maith an reachtaíocht a luaitear in Aguisín A agus na príomh cháipéisí polasaí de chuid Chomhairle Contae Chiarraí a luaitear in Aguisín A.

1.3 Dáta Tosaithe

Glacadh leis an scéim seo ar 20 Eanáir 2020 ag cruinniú iomlán de chuid Chomhairle Contae Chiarraí agus rinneadh í a dheimhniú ansin ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá éifeacht leis an scéim ó 08 Bealtaine 2020.

1.4 Forléargas



2. Gealltanais leanúnacha 2005-2020

2.1 Liosta de na Cuntair Phoiblí Dhátheangacha

Seo leanas liosta de na cuntair phoiblí laistigh den eagraíocht a bhíonn ag déileáil le fiosrúcháin ghinearálta trí Ghaeilge.

Tá an fhoireann ag na cuntair phoiblí freagrach as seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge agus Béarla ag…

- Fáiltiú Áras an Chontae
- Cuntar poiblí sa Roinn Pleanála
- Cuntar poiblí sa Roinn Tithíochta,
- Cuntar poiblí sa Roinn Comhshaoil,
- Cuntar poiblí sa Roinn Ioncaim
- Cuntar poiblí sa Roinn Bóithre
- An Oifig Mótarchánach
- Oifig Ceantair Chathair Saidhbhín
- Fáiltiú Chomhairle Baile Thrá Lí

Tá gach ball foirne ag na cuntair phoiblí freagrach as seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge agus Béarla ag…

- Oifig Ceantair an Daingin
- Leabharlann an Daingin
- Ionad Athchúrsála Chorca Dhuibhne
- Oifig na Gaeilge

2.2 Liosta de na Foilseacháin Dhátheangacha

Tá na príomh beartais poiblí seo leanas ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla …

- Gach foilseachán Gaeltachta
- Ag Forbairt Spraoi i gCiarraí
- Lámhleabhar an Tionónta
- Pleananna Áitiúla Gaeltachta - Corca Dhuibhne & Uíbh Ráthach
- Plean Corparáideacha
- Plean Ealaíon Chiarraí
- Plean Oidhreachta Chiarraí
- Plean Forbartha Chontae Chiarraí
- Plean Forbartha Leabharlann Chiarraí
- Plean Gníomhaithe um Rochtain do Chách
- Polasaí Ceannaithe Tithíochta sa Ghaeltacht
- Polasaí Comharthaíochta Chomhairle Contae Chiarraí
- Polasaí Íocaíochta do Sholáthróirí
- Scéim Gaeilge
- Tuarascáil Bhliantúil agus achoimre na gCuntas Iniúchta
- Scéim Dáilte Tithíochta

Cuirfear an nóta *'Fáilte roimh Ghnó trí Ghaeilge - Cabhraigh linn í a úsáid'* i bhfoilseacháin na Comhairle. Foilseofar beartais poiblí nua go dátheangach le linn saolré na scéime seo.

2.3 Gealltanais Leanúnacha	
2.3.1	Go leanfaí ag tabhairt **ainm na Comhairle nó Rannóige** i nGaeilge, nó i nGaeilge agus Béarla, nuair atá fóin á fhreagairt ag na príomhchuntair poiblí. *Public Counters as listed 2.1*
2.3.2	Teideal dhátheangach don **gcineál poist** a úsáid ar rphost gach éinne. Leagan dhátheangach don **As Oifig** a úsáid ar ríomhphost gach éinne. *Gach Rannóg.*
2.3.3	**Timpeallacht dhearfach** a chothú d'úsáid na Gaeilge sa Chomhairle *Gach Rannóg.*
2.3.4	Leanfar ag foilsiú **foirmeacha iarratais & bileoga eolais** a ghabhann leo go dátheangach fé chlúdach amháin. Cuirfear an nóta *'Tá leagan Gaeilge de seo ar fáil'* ar ábhar aon theangach nach bhfuil fós fé chlúdach amháin. *Gach Rannóg.*
2.3.5	Leanfar ag foilsiú **fógraí Gaeltachta agus Contae** i nGaeilge nó dhátheangach. *Gach Rannóg.*
2.3.6	Go gcrochfaidh Comhairle Contae Chiarraí a cuid **Plaiceanna d'oscailtí oifigiúla Gaeltachta i nGaeilge amháin.** *Gach Rannóg.*
2.3.7	Go leanfaidh gach rannóg ag úsáid **logainmneacha Gaeltachta i nGaeilge amháin** ar cháipéisí, chomharthaí, bhunachar sonraí agus líníochtaí. *Gach Rannóg.*
2.3.8	Tacú le na **Pleananna Teangan Gaeltachta** de réir Acht na Gaeltachta 2012. *Gach Rannóg.*
2.3.9	Beidh gach **ábhar seasta ar shuíomhanna idirlín** na Comhairle Contae iomlán dhátheangach. *IT agus gach Rannóg.*
2.3.10	**Réamhleathanach** a chur ag tosach an tsuímh idirlín ag ofráil rogha teanga don gcustaiméir. *IT agus na rannóga atá freagrach as suíomheanna idirlín.*

2.3.11	Go leanfaí ag soláthar deis chun **Billí a íoc** trí Ghaeilge. *Ioncam le tacaíocht IT.*
2.3.12	Go leanfaí ag eisiúint **preasráitis** d'ócáidí, d'fhógraí agus do sheoltaí pleanáilte i bhfoirm dhátheangach fé chlúdach amháin *Preasoifig agus gach Rannóg.*
2.3.13	Go dtabharfaidh rogha do chustaiméirí Gaeltachta **cruinnithe réamh-phleanála** trí Ghaeilge a roghnú. *An Roinn Pleanála / Ceantar Bardasach*
2.3.14	Go mbeidh **an cineál gnó luaite i nGaeilge** ar chomharthaíocht nua os cionn siopaí sa Ghaeltacht. *An Roinn Pleanála*
2.3.15	Spreagfaidh Comhairle Contae Chiarraí iarrthóirí ar chead pleanála sa Ghaeltacht a gcuid **Fógraí Pleanála Suímh a chrochadh i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla.** *An Roinn Pleanála*
2.3.16	Scéim Tacaíochta Teangan a fhorbairt do Thionóntaí agus d'ábhar Tionóntaí ar liostaí feithimh tithíochta sa Ghaeltacht, i bpáirt le hÚdarás na Gaeltachta agus eagraíochtaí ábhartha eile, ina mbeidh trí chéim fé leith sa phróiseas, **1) Measúnú, 2) Teagasc** agus **3) Tástáil Labhartha ar nós Teastas Eorpach na Gaeilge.** *Oifig na Gaeilge agus an Roinn Tithíochta*
2.3.17	A chinntiú, oiread agus is féidir, go mbeidh **inniúlacht sa Ghaeilge labhartha ag iarrthóirí nó ar chúnamh tithíochta ó Chomhairle Contae Chiarraí** i gceantair **Chatagóir A na Gaeltachta**. *Roinn Tithíochta*
2.3.18	Go leanfaí ag tacú le **Turasóireacht na Gaeilge** i gCiarraí. *Oifig na Gaeilge agus an Rannóg Turasóireachta*
2.3.19	Go mbeidh **an Ghaeilge mar theanga oibre** in Oifig Cheantair 'gus Leabharlann an Daingin fé dheireadh2011, agus in Ionad Dramhaíola & Athchúrsála Chorca Dhuibhne fé 2016. *Roads, Kerry Library Services, Environmental Services and HR.*

2.3.20	Go leanfaidh Comhairle Contae Chiarraí lena **polasaí comharthaíochta Gaeltachta**, atá dearfach & ceannródaíocht, a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht, polasaí a thugann tús áite don nGaeilge ar chomharthaíocht Ghaeltachta. *Gach Rannóg*
2.3.21	**Deasc Custaiméara Ar-Líne** a fhorbairt le grúpa Oifigeach Ainmnithe Gaeilge ó Chuntair Phoiblí na Ranna atá luaite i gcaibidil **2** chun na seirbhísí seo leanas a ofráil don bpobal trí Ghaeilge… • Fiosrúcháin Ghinearálta • Foirmeacha Iarratais & Bileoga Eolais a sholáthar • Billí a íoc • Déileáil le Gearáin a bhaineann leis an nGaeilge *Cuntair Phoiblí liostáilte le tacaíocht IT*
2.3.22	**Duais Gaeilge** a chur ar fáil do scéim Fiontar na Mac Léinn i bpáirt le Roinn Fiontair Chomhairle Contae Chiarraí agus eagraíochtaí cuí eile don '***Fiontar a bhaineann an úsáid is fearr as an nGaeilge'*. *Oifig na Gaeilge and Oifig Fiontair Áitiúil Chiarraí*
2.3.23	Leanúint ag tacú le scéim ***Gaelbhratach*** i scoileanna Chiarraí. *Oifig na Gaeilge*

3. Scéim Teanga 2020-2023

3.1 Gealltanais Nua

3.1.1	Go gcuirfidh foireann na Comhairle fáilte i nGaeilge roimh chustaiméirí. *Cuntair Phoiblí Ghaeltachta - Márta 2020*

3.1.2	Gur trí mheán ríomhphost grúpa gach rannóg a fheidhmeoidh liosta na seirbhísí atá ar fáil trí Dheasc na Seirbhísí Custaiméirí ar Líne (2.2.23).
	Go gcuirfear an liosta seo seirbhísí chun cinn ar leathanaigh bhaile na Rannóg ar shuíomh na Comhairle www.kerrycoco.ie
	Go gcuirfear an liosta seo seirbhísí in airde ag gach cuntar poiblí liostaithe (2.1) *Cuntair Phoiblí Liostaithe - tosach na Scéime go Márta 2023*

3.1.3	De réir ghealltanas 2.21. — is é sin go mbeidh an t-ábhar statach ar fad ar shuíomhanna Chomhairle Contae Chiarraí go hiomlán dátheangach — tá tús áite á thabhairt faoi láthair do sholáthar www.kerrycoco.ie as Gaeilge, agus táthar ag súil go gcuirfear é sin i gcrích le linn 2020. Leanfar leis an bpróiseas seo le suíomhanna eile na Comhairle Contae. *TF le tacaíocht ó rannóga – tosach na Scéime go Márta 2023*

3.1.4	Go gcuirfear tuarascálacha bliantúla ar fáil maidir le feidhmiú na Scéime Teanga ag Comhairle Contae Chiarraí don Choiste um Beartais Straitéiseacha atá freagrach as an nGaeilge agus cúrsaí Gaeltachta. *Seirbhísí Corparáideacha & Ceannasaithe Rannóg, le tacaíocht ó Oifig na Gaeilge – laistigh de bhliain ó thosach na Scéime.*

3.1.5	Go dtabharfar tacaíocht do chlubanna, i gcomhpháirt le príomheagraíochtaí Gaeltachta, a gcuid gníomhaíochtaí a sholáthar trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga sa Ghaeltacht. *Oifig na Gaeilge*

3.1.6	Go ndéanfar forbairt ar ár Scéim Tacaíochta Teanga do Thionóntaithe agus tionóntaithe ionchasacha (2.2.16), lena n-áirítear dáileadh pacáiste tacaíochta teanga, i gcomhpháirt le príomheagraíochtaí Gaeltachta. *Oifig na Gaeilge le tacaíocht ó Thíthíocht, Bóithre - Bealtaine 2020*

3.1.7	Go dtosóidh Comhairle Contae Chiarraí ar tvuíteanna dátheangacha a chur amach óna cuntas Twitter, ag plé le réimse leathan gníomhaíochtaí, ag tosú le seoladh na Scéime seo. *Preasoifig – tosach na Scéime*

3.1.8	Go n-áireofar Leabharlanna Chathair Saidhbhín agus Thrá Lí ar liosta na gCuntar Poiblí a chuirfidh a seirbhísí cuntair ar fáil trí Ghaeilge i rith na Scéime seo. *Leabharlanna le tacaíocht ó Acmhainní Daonna - Aibreán 2021*
3.1.9	Go n-áireofar an Oifig Fiontair Áitiúil ar liosta na gCuntar Poiblí a chuirfidh a seirbhísí cuntair ar fáil trí Ghaeilge i rith na Scéime seo. *OFA Chiarraí le tacaíocht ó Acmhainní Daonna - Aibreán 2021*

3.2 Earcaíocht & Socrúchán	
3.2.1	Go mbeadh cumas sa Ghaeilge ina riachtanas do gach ball foirne nua a bheidh lonnaithe sa Ghaeltacht, faoi réir na nithe seo a leanas: comhlíonadh cháilíochtaí dearbhaithe na bpost; oiriúnacht do dhualgais an phoist agus cumas na dualgas sin a chomhlíonadh.
3.2.2	Go gcuirfí oiliúint chuí feasachta teanga ar bhaill foirne nua sula ndéantar iad a lonnú in oifig Gaeltachta.
3.2.3	Sa chás go n-éireodh le roinnt iarrthóirí an t-íosriachtanas a chomhlíonadh i dtaca le post atá sannta d'oifig Gaeltachta, go ndéanfaí duine a cheapadh de réir cumas sa Ghaeilge.
3.2.4	Tá na poist seo a leanas aitheanta ag Comhairle Contae Chiarraí mar chinn a éilíonn cumas sa Ghaeilge (ag brath ar iarrthóirí/fostaithe a bheith ar fáil a bhfuil an cumas agus na cáilíochtaí cuí acu)... • An t-Oifigeach Foirne, gach Oifigeach Cléireachais agus an Maor Tráchta lonnaithe in Oifig Ceantair an Daingin; • An t-Oifigeach Foirne , an Cúntóir Sinsearach Leabharlainne agus an Cúntóir Leabharlainne atá lonnaithe i Leabharlann an Daingin; • Oifigeach Cléireachais amháin in Oifig Ceantair Chathair Saidhbhín; • An t-Oifigeach Forbartha Gaeilge agus an tOifigeach Cléireachais lonnaithe in Oifig na Gaeilge, Áras an Chontae. *Acmhainní Daonna – tosach na Scéime.*
3.2.5	Tá na poist seo a leanas aitheanta ag Comhairle Contae Chiarraí mar chinn ina mbeadh cumas sa Ghaeilge inmhianaithe (ag brath ar iarrthóirí/fostaithe a bheith ar fáil a bhfuil an cumas agus na cáilíochtaí cuí acu)... • Innealtóir Ceantair Bóithre; • Oifigeach Pleanála an réigiúin; *Acmhainní Daonna - Bealtaine 2022.*
3.2.6	Sa chás go mbíonn easpa iarrthóirí oiriúnacha ina bac ar na cuspóirí seo a chomhlíonadh, tá an Chomhairle tiomanta d'aon dúshlán earcaíochta agus coinneála a athbhreithniú agus aghaidh a thabhairt air laistigh de shrianta agus comhaontuithe seanbhunaithe, ionas gur féidir bearta agus cuir chuige a shocrú chun deileáil le heasnaimh den chineál sin.

3.3 Oiliúint & Forbairt	
3.3.1	Go ndéanfar oiliúint feasachta teanga a fhorbairt nó a chur ar fáil do na baill foirne chuí, lena chinntiú go mbeidh tuiscint mhaith acu ar Acht na dTeangacha Oifigiúla agus a fhorálacha, ar Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge, ar Phleananna Teanga Gaeltachta agus Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus ar aon reachtaíocht ábhartha eile.
3.3.2	Oiliúint chuimsitheach teanga a fhorbairt do bhaill foirne a dteastaíonn a leithéid uathu, bunaithe ar na cláir uile atá ar fáil, lena n-áirítear dianchúrsa tosaigh oiliúna sula ndéantar ball foirne a lonnú in oifig Gaeltachta. *Rannóg Oiliúna agus Oifig na Gaeilge, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí seachtracha Oiliúna agus Gaeltachta – Samhain 2020*

4. Monatóireacht

4.1 Monatóireacht agus athbhreithniú

Coimeádfaidh Comhairle Contae Chiarraí faoi athbhreithniú feidhmiú agus monatóireacht éifeachtach na Scéime seo, i gcomhréir lenár struchtúr corparáideach.

Is iad na Ceannasaithe Rannóg go príomha a chuirfidh an fheidhm laethúil mhonatóireachta i gcrích, agus iad freagrach as feidhmiú na Scéime laistigh dá rannóga féin.

4.2 Tuairisciú

Tá Ceannasaithe Rannóg freagrach as tuairisciú rialta a dhéanamh lena Stiúrthóir Seirbhísí maidir le feidhmiú agus monatóireacht na Scéime.

Tá tuarascálacha bliantúla le cur ar fáil don Choiste um Beartais Straitéiseacha a bhfuil freagracht aige as cúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta, maidir le feidhmiú na Scéime Gaeilge, ag Comhairle Contae Chiarraí, ag Seirbhísí Corparáideacha & ag Ceannasaithe Rannóg, le tacaíocht ó Oifig na Gaeilge.

4.3 Poibliú agus Scaipeadh

Déanfar ábhar na scéime seo, mar aon le gealltanais agus forálacha na scéime, a phoibliú leis an bpobal i gcoitinne trí mheán na nithe seo a leanas:

- Preasráiteas agus Seoladh Oifigiúil na Scéime;
- Twitter agus an suíomh www.kerrycoco.ie;
- Fógairt na bhforálacha;
- Scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí cuí;
- Suíomh gréasáin.

Preasoifig & Oifig na Gaeilge – tosach na Scéime

Glacfar le gach deis fógraíocht a dhéanamh ar na seirbhísí atá ar fáil as Gaeilge do chustaiméirí agus cuirfear in iúl go díreach do chustaiméirí ar bhonn laethúil go bhfuil sé de rogha acu a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, ar na bealaí seo a leanas:

- Déanfar fógraí ar a bhfuil liostaí de na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge a chur in airde i ngach ionad fáiltithe agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
- Áireofar i bhFoilseacháin na Comhairle an nóta seo a leanas: ***'Fáilte roimh Ghnó trí Ghaeilge - Cabhraigh linn í a úsáid'***.
- Áireofar i bhFoirmeacha Iarratais, Bileoga Eolais agus Treoracha — sa chás nach bhfuil siad dátheangach cheana féin — an nóta seo a leanas: ***'Tá leagan Gaeilge de seo ar fáil'***.

Déanfar seirbhísí trí Ghaeilge a phoibliú ag imeachtaí Gaeilge nuair is féidir.

Cuirfear cóip den scéim chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Aguisín A

A1 Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000

A2 An tAcht Rialtais Áitiúil 2001

A3 Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

A4 Orduithe Logainmneacha (Gaeltacht) 2004 & 2011

A5 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030

A6 Acht na Gaeltachta 2012

Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 – alt 47	
Gaeltacht	**Alt 47** – Déanfaidh an Roinn Pleanála comhlíonadh a dheimhniú chun oidhreacht teanga agus chultúrtha Ghaeltachtaí Chiarraí a chosaint. Sula gcuirfear tús le forbairt sa Ghaeltacht, déanfaidh iarratasóirí comhaontú le Comhairle Contae Chiarraí, faoi réir fhorálacha Alt 47, le cinntiú go mbeadh cuid oiriúnach de na tithe cónaithe atá dhá cheadú anseo curtha ar fáil dóibh siúd amháin a bhfuil líofacht sásúil sa Ghaeilge léirithe don Údarás Pleanála acu.

An tAcht Rialtais Áitiúil 2001 - alt 68(1)	
An Ghaeilge	Féadfaidh údarás áitiúil, le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, pé bearta a dhéanamh a mheasfaidh sé a bheith cuí chun úsáid na Gaeilge a spreagadh.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 - alt 9(1)	
Stáisean.	Tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go mbeidh ceannteidil ar earraí áirithe stáiseanóireachta as Gaeilge nó dátheangach i.e. Páipéar Litreach, Duillíní Dea-mhéine, Bileoga Cumhdaigh Facs, Cumhdaigh Comhad agus Fillteáin eile, Lipéid agus Clúdaigh Litreach.
Comhar	Tá sé de dhualgas ar chomhlacht poiblí a chinntiú gur as Gaeilge nó dátheangach a bheadh aon chomhartha a chrochfar ag an gcomhlacht nó ar a shon, bíodh sé lasmuigh nó laistigh den Stát. *Ar ábhar dátheangach, beidh an téacs Gaeilge ann ar dtús agus é le bheith ar a laghad chomh sofheicthe leis an mBéarla.*
Fógairtí Taifeadta	Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú gur as Gaeilge nó go dátheangach a bheidh fógairtí taifeadta béil a dhéanann an comhlacht nó a dhéantar ar a shon, i.e. • Teachtaireachtaí Taifeadta ar fhóin le linn d'oifigí a bheith dúnta; • Fógairtí Taifeadta a sheoltar ag córas fógartha poiblí • Teachtaireachtaí Taifeadta e.g. 'Brúigh 1 le haghaidh rannóg na gcuntas; brúigh 2 don oibritheoir' etc.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 - alt 9(2&3)	
Litreacha & ríomhphoist	Nuair a scríobhann duine chuig comhlacht poiblí as Gaeilge, i litir nó tríd an ríomhphost, tá an duine sin i dteidil freagra a fháil as Gaeilge. Ar an mbonn sin, tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm acu atá in ann déileáil le comhfhreagras as Gaeilge. Níor cheart go mbeadh caighdeán na seirbhíse trí Ghaeilge ag leibhéal níos ísle ná caighdeán na seirbhíse trí Bhéarla.
Cora poist	Tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú gur i nGaeilge amháin, nó i nGaeilge agus i mBéarla, a bheidh aon chumarsáid i scríbhinn leis an bpobal i gcoitinne, nó le haicme den phobal i gcoitinne, chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme sin.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 - alt 10	
Foilsith.	Faoi Alt 10 den Acht, tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. • Aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí (comhairliúcháin phoiblí) • Aon tuarascáil bhliantúil • Aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais • Aon ráiteas straitéise a cheanglaítear a ullmhú faoi alt 5 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 • Aon doiciméad a bhfuil sé forordaithe ina leith go bhfuil tábhacht mhór phoiblí ag baint leis.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 - alt 13 (c)(d)(e)	
Soláthar Foirne	Go mbeidh líon leordhóthanach d'fhoireann na Comhairle inniúil sa Ghaeilge chun go mbeidh an Chomhairle in ann a seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla.
	A chinntiú go bhfreastalófar ar na riachtanais áirithe Ghaeilge a bhaineann le seirbhísí a sholáthar i limistéir Ghaeltachta.
	A chinntiú go mbeidh an Ghaeilge ina teanga oibre ina cuid oifigí sa Ghaeltacht tráth nach déanaí ná cibé dáta a chinnfidh an Chomhairle le toiliú an Aire.

Orduithe Logainmneacha (Gaeltacht) IR872, 2004	
Bailte Fearainn, Paróistí, Barún. Toghran.	33(2) Ní bheidh aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla de logainm Gaeltachta ó 2004... (*a*) in aon Acht den Oireachtas a rithfear nó in aon ionstraim reachtúil a dhéanfar tar éis an dáta sin faoi aon Acht (*b*) i cibé léarscáileanna, arna n-ullmhú agus arna bhfoilsiú ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann nó le cead uaithi, a bheidh forordaithe, nó (*c*) ar chomhartha bóthair nó sráide arna chur suas ag údarás áitiúil nó thar a cheann.

Orduithe Logainmneacha (Gaeltacht) IR599, 2011	
Gnéithe Críche (nádúrtha & saorga)	Dearbhaítear leis an Ordú seo na leaganacha oifigiúla Gaeilge de logainmneacha sna Ceantair Ghaeltachta nach logainmneacha riaracháin iad a léirítear ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis agus nach gclúdaítear san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004. Faoi réir fhorálacha alt 33(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, níl aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla de na logainmneacha seo ó 2011.

Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030

Leis an Straitéis 20 Blain don Ghaeilge, 2010-2030, cuirtear chun cinn cur chuige iomlánaíoch comhtháite i leith na Gaeilge, i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Áirítear sa Straitéis tuarascáil coimisiúnaithe ag an Roinn (OCBÁC, 2009), an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (OÉG & OÉMN, 2007) agus tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta 2002.

Déanfar Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur chun feidhme ina iomláine. Forbrófar ceart an phobail an Ghaeilge a úsáid agus iad ag plé leis an Stát agus le comhlachtaí eile agus cuirfear i bhfeidhm na socruithe cuí chun é seo a sholáthar.

Mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin ag an Roinn, foilsíodh Plean Gníomhaíochta 2018-2022, a phléann le 9 réimse...Oideachas, an Ghaeltacht, an Teaghlach ag cur na teanga ar aghaidh – idirghabháil go luath, Riarachán, Seirbhísí agus Pobal, na Meáin agus an Teicneolaíocht, Foclóirí, Reachtaíocht agus Stádas, Saol Eacnamaíochta agus Tionscnaimh Leathana.

Acht na Gaeltachta, 2012

Faoin Acht seo, tá sé i gceist go mbeidh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéir thíreolaíocha mar a bhí go dtí seo. Beidh an phleanáil teanga ag leibhéal an phobail lárnach do phróiseas an tsainmhínithe nua don Ghaeltacht. Beidh deis ag ceantair lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta aitheantas reachtúil a bhaint amach mar Líonraí Gaeilge nó mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta, faoi réir critéir áirithe a bheith comhlíonta acu.

Chomh maith le leasuithe a dhéanamh ar fheidhmeanna áirithe de chuid Údarás na Gaeltachta, tugann Acht na Gaeltachta 2012 feidhm reachtúil don Údarás maidir le cur i bhfeidhm na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* sa Ghaeltacht.

Ba chóir go n-aithneodh comhlachtaí poiblí aon phost/réimse oibre ina mbeadh dátheangaigh fheidhmiúla ag teastáil agus iad seo a áireamh ina scéimeanna teanga, go háirithe na poist sin atá lonnaithe in nó ag freastal ar cheantair Ghaeltachta.